Oifig an
Office of the

Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Director of Public Prosecutions

Conas iarraidh ar chúiseanna agus athbhreithnithe

Faisnéis faoin leabhrán seo

Mínítear sa bhileog seo conas iarraidh ar chúiseanna a bhí le cinntí agus ar athbhreithnithe ar chinntí nuair a dhéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (an DPP) an cinneadh **gan ionchúiseamh a dhéanamh**.

Cén fhaisnéis ar féidir iarraidh uirthi má dhéanann an DPP an cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh?

Féadfaidh tú iarraidh ar an DPP ar **achoimre ar na cúiseanna** a bhí le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Mura bhfuil tú sásta leis na cúiseanna, féadfaidh tú iarraidh ar an DPP chun **athbhreithniú a dhéanamh** ar an gcinneadh.

Cé ar féidir leis iarraidh ar an bhfaisnéis seo?

Féadfaidh tú iarraidh ar an DPP ar na cúiseanna a bhí le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh nó ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh sin:

- más íospartach na coireachta thú;
- más duine muinteartha de chuid íospartaigh i cás marfach thú;

- más aturnae thú atá ag gníomhú thar ceann ceachtar de na daoine thuas.

Ní féidir leat fiafraí, áfach, ach faoi chinntí a rinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh:

- an 16 Samhain 2015 nó ina dhiaidh sin;

  agus

- i gcásanna marfacha ina bhfuair duine bás an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó ina dhiaidh sin.

An dtabharfaidh an DPP cúiseanna i ngach cás?

Ní thabharfaidh. Má rinne na Gardaí an cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, féadfaidh íospartach iarraidh ar na Gardaí achoimre ar na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh a thabhairt dóibh.

Ní féidir leis an DPP cúiseanna a thabhairt a bhí le cinntí a rinneadh i gcásanna ina ndéileáiltear leis an té a bhfuil amhras faoi/fúithi faoi Scéim um Rabhadh Aosach an Gharda Síochána nó faoin gClár Athstiúrtha Ógánach. Chomh maith leis sin, ní féidir leis an DPP cúiseanna a thabhairt a bhí le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh dá ndéanfaí an méid a leanas tríd an bhfaisnéis a thabhairt:

- cur isteach ar imscrúdú leanúnach coiriúil;
- dochar a dhéanamh do chás cúirte amach anseo;
- sábháilteacht phearsanta aon duine a chur i mbaol;
- slándáil an Stáit a chur i mbaol.

Conas a iarraim ar achoimre ar na cúiseanna a bhí le cinneadh a rinne an DPP?

Ní mór duit **Foirm Iarrata ar Chúiseanna** a chomhlánú agus í a sheoladh chuig ár nAonad Cumarsáide agus Idirchaidrimh Íospartach. Leagtar na sonraí teagmhála don Aonad amach ar leathanach 9.

Tá an Fhoirm Iarrata ar Chúiseanna ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie nó is féidir í a fháil ó do Stáisiún Gardaí áitiúil.

An bhfuil teorainn ama ann chun cúiseanna a iarraidh?

Tá. Ní mór duit d'iarratas ar chúiseanna a sheoladh **laistigh de 28 lá** tar éis an dáta a chuirtear ar an eolas thú ar an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. I roinnt cásanna, féadfaidh an DPP an teorainn

ama seo a shíneadh. Ní dhéanfaidh sí é seo ach má tá údar maith ann agus má théann sé chun leasa an cheartais.

Cé chomh fada a ghlacfaidh sé chun achoimre ar chúiseanna a fháil?

Scríobhfaidh dlíodóir san Aonad Cumarsáide agus Idirchaidrimh Íospartach chugat agus tabharfaidh sé/sí an achoimre ar chúiseanna duit. **Is gnách go dtarlaíonn seo laistigh de 28 lá**. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé níos faide a ghlacadh. Má tharlaíonn seo, scríobhfaimid chugat agus cuirfimid ar an eolas thú cathain ar féidir leat súil a bheith leis na cúiseanna atá lenár gcinneadh a fháil.

Cad a tharlaíonn mura bhfuil mé sásta leis na cúiseanna?

Mura bhfuil tú sásta leis na cúiseanna atá lenár gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfar **athbhreithniú ar an gcinneadh**.

Conas is féidir liom iarraidh ar athbhreithniú ar chinneadh a rinne an DPP?

Is féidir leat scríobh chuig an Aonad Cumarsáide agus Idirchaidrimh Íospartach agus a iarraidh go ndéanfar

athbhreithniú ar an gcinneadh. Tá an seoladh ar fáil ar leathanach 9.

An bhfuil teorainn ama ann chun athbhreithniú a iarraidh?

Tá. Má d'iarr tú orainn cúis a thabhairt a bhí lenár gcinneadh, ní mór d'iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh **laistigh de 28 lá** tar éis an dáta atá ar an litir a chuireann ar an eolas thú ar an gcúis a bhí leis an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh i do chás.

Murar iarr tú orainn cúis a thabhairt a bhí lenár gcinneadh, féadfaidh tú iarraidh ar athbhreithniú fós féin. Má dhéanann tú seo, ní mór d'iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh **laistigh de 56 lá (8 seachtaine)** tar éis an dáta a chuirtear ar an eolas thú ar an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

I roinnt cásanna, féadfaidh an DPP na teorainneacha ama seo a shíneadh. Ní dhéanfaidh sí é seo ach má tá údar maith ann agus má théann sé chun leasa an cheartais.

Conas a thugtar faoin athbhreithniú?

Tabharfaidh dlíodóir nach raibh baint aige/aici leis an mbunchinneadh a dhéanamh

faoin athbhreithniú. Déanfaidh an dlíodóir seo breithniú ar an bhfianaise go léir arís eile ar aon dul lenár dTreoirlínte d'Ionchúisitheoirí. Nuair a bhíonn an t-athbhreithniú críochnaithe, scríobhfaidh an dlíodóir chugat agus cuirfidh sé/sí ar an eolas tú ar an gcinneadh.

Cé chomh fada a ghlacfaidh sé chun tabhairt faoi athbhreithniú?

Is gnách go dtabharfar athbhreithniú chun críche laistigh de **shé seachtaine** tar éis d'iarratas a fháil. D'fhéadfadh sé níos faide a ghlacadh i gcásanna áirithe casta, áfach. Má tharlaíonn seo, scríobhfaimid chugat agus cuirfimid ar an eolas thú cathain ar féidir leat súil a bheith leis go ndéanfar cinneadh.

Cad iad na torthaí féideartha a bhíonn ar athbhreithniú?

Tá **dhá thoradh fhéideartha** ann nuair a thiteann athbhreithniú ar chinneadh amach gan ionchúiseamh a dhéanamh:

1. Déanann an t-athbhreithneoir an cinneadh gur cheart an bunchinneadh a aisiompú agus gur cheart ionchúiseamh a dhéanamh. Má tharlaíonn seo, ordóimid na Gardaí chun tús a chur le himeachtaí cúirte a luaithe is féidir.

2. Déanann an t-athbhreithneoir an cinneadh go bhfuil an bunchinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh i gceart. Más é seo an toradh, níl aon cheart breise ann chun athbhreithniú a dhéanamh.

Conas is féidir liom gearán a dhéanamh?

Mura bhfuil tú sásta le conas a déileáladh le d'iarratas ar chúiseanna nó le d'iarratas ar athbhreithniú, féadfaidh tú scríobh chuig:

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7.

Déileálfar le do ghearán ar aon dul lenár **mBeartas Gearán** atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

Cár féidir liom teacht ar bhreis faisnéise?

Féadfaidh tú teacht ar bhreis faisnéise ar an mír 'Íospartaigh agus Finnéithe' ar ár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie.

Chomh maith leis sin, tá foilseacháin áisiúla ar ár láithreán gréasáin, an méid a leanas san áireamh:

- Cairt Íospartach

- Leabhrán faisnéise faoi 'Conas a dhéanaimid cinntí ionchúisimh'
- Leabhrán faisnéise ar Ról an DPP
- Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí
- Cód Eitice d'Ionchúisitheoirí

Sonraí teagmhála:

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh lenár nAonad Cumarsáide agus Idirchaidrimh Íospartach ag:

An tAonad Cumarsáide agus Idirchaidrimh Íospartach
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7.

Guthán: (01) 858 8444 (líne dhíreach)
Facs: (01) 642 7406

Tá súil againn go gcabhraíonn an leabhrán faisnéise seo leat chun míniú a thabhairt ar conas iarraidh ar chúiseanna agus ar athbhreithnithe. Tabhair faoi deara, le do thoil, ní dhéileálann sé le gach uile chás féideartha agus **ní thugtar comhairle dlí ann**. Má cheapann tú go dteastaíonn comhairle dlí uait, ba cheart duit labhairt le haturnae.

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
(Samhain 2015)